Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

14646/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0266(COD)**

**CODEC 1726**
**EF 336**
**ECOFIN 1150**
**TELECOM 452**
**CYBER 359**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 24 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 24 Feabhra 2021[2].

3. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 10 Bealtaine 2021[3].

4. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 4 Meitheamh 2021[4].

[1] 11051/20 + ADD 1-2.
[2] IO C 155, 30.4.2021, lch. 38.
[3] 8717/21.
[4] IO C 343, 26.8.2021, lch. 1.

5. An 10 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 41/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[5] 14565/22.